POLASAÍ DON OIDEACHAS SPEISIALTA

CLÁR

1. Réamhrá
2. Sonraí Scoile
3. Aidhmeanna
4. Contanam Tacaíochta
5. Riachtanais a Aithint
6. Measúnú agus Bailiú Eolais
7. Beartais Luath-Idirghabhála
8. Freastal ar Riachtanais & Leithdháileadh Acmhainní Scoile
9. Cúntóirí Riachtanais Speisialta
10. Róil agus Freagrachtaí
11. Cumarsáid
12. Cláir Scoile
13. Taifid á gCoinneáil
14. Nasc le polasaithe eile
15. Athbhreithniú agus Rathúlacht
16. Faomhadh agus Cumarsáid

1. *RÉAMHRÁ*

Cuireadh an polasaí seo le chéile i gcomhar le múinteoirí ranga, leis an bhfoireann tacaíochta, le tuismitheoirí agus le baill an Bhoird Bainistíochta sa scoilbhliain 2018/2019. Rinneadh athbhreithniú air i dtéarma 1 den scoilbhliain 2024/2025.

2. SONRAÍ SCOILE

Ainm na Scoile	Gaelscoil Bhun Cranncha
Uimhir Rolla	20097G
Líon reatha ar an rolla	70
Leithdháileadh uaireanta (2019 – 2021)	52.5 uair Múinteoir Siúinín/Duailtín (Postroinnt): 25 uair Múinteoir Pól: 25 uair Múinteoir Caitlin: 2.5 uair
Cúntóirí Riachtanais Speisialta	M.Andrea M.Sinéad M.Catríona/M.Ailsa (Postroinnt)

3. AIDHMEANNA

Is iad na haidhmeanna a ghabhann leis an bpolasaí seo ná:

- Cur chuige leanúnach i leith an oideachais speisialta a chur i bhfeidhm ar bhonn scoile
- Treoir phraiticiúil a thabhairt do mhúinteoirí, don fhoireann tacaíochta, do thuismitheoirí agus páirtithe leasmhara eile faoi chleachtais na scoile maidir le hOideachas Speisialta
- Riachtanais bhreise na ndaltaí a aithint go luath agus go héifeachtach
- Acmhainní a leithdháileadh go héifeachtach le freastal ar na riachtanais sin
- Róil agus freagrachtaí a shoiléiriú
- Dul chun cinn na ndaltaí a mheas, a thuairisciú agus athbhreithniú cuí a dhéanamh

4. CONTANAM TACAÍOCHTA

Ag rith leis an gContanam Tacaíochta, bíonn trí leibhéal tacaíochta i gceist sa scoil. Ag gach leibhéal tacaíochta, leanaimid an cur chuige céanna:

- Riachtanais a aithint
- Eolas a bhailiú
- Tacaíocht nó leithdháileadh acmhainní cuí a chur ar fáil

Uaireanta, bíonn riachtanais ag páiste nach mbeadh an saineolas ag múinteoirí bunscoile chun an freastal is fearr a dhéanamh ar an bpáiste sin. Sa chás sin, déanfaidh an scoile chuile iarracht eolas a fháil chun tacaíocht chuí a chur ar fáil agus is féidir go molfar do thuismitheoirí cabhair a lorg ó fhorais seach-scoile chomh maith.

Céim 1: Tacaíocht Ranga

Tacaíocht Ranga	Déanann an **múinteoir ranga** idirdhealú cuí don pháiste Ullmhaítear **Plean Tacaíochta Ranga** don pháiste i gcomhar leis na tuismitheoirí Úsáidtear na hacmhainní seo chun an plean sin a fhorbairt: • Eolas ó thuismitheoirí

	• Breathnóireacht an mhúinteora • Measúnú deartha ag an múinteoir • Seicliosta riachtanais bhunúsacha (BESD Guidelines, An Roinn Oideachais) • Seicliosta imshaol foghlama (BESD Guidelines, An Roinn Oideachais) • Eolas ón bpáiste – Mo smaointe faoin • Scrúduithe caighdeánaithe litearthachta agus uimhirtheachta • Scagthástáil Cuirtear an **Plean Tacaíochta Ranga** i bhfeidhm ar feadh 8 seachtaine roimh athbhreithniú. Glacfar cinneadh ansin más gá don dalta leanúint ar aghaidh chuig **Céim 2: Tacaíocht Scoile.**

Céim 2: Tacaíocht Scoile

Tacaíocht Scoile **Tacaíocht Scoile (ar lean)**	Tar éis an tréimhse le **Plean Tacaíocht Ranga**, cuirtear **Tacaíocht Scoile** i bhfeidhm do roinnt daltaí. Ullmhaíonn an múinteoir Oideachas Speisialta **Plean Tacaíochta Scoile** don pháiste i gcomhar leis an múinteoir ranga, CRS (más cuí) agus leis na tuismitheoirí. Úsáidtear na hacmhainní seo chun an plean sin a fhorbairt: • Eolas ó thuismitheoirí • Nótaí breathnóireachta an mhúinteora • Tascanna measúnaithe an mhúinteora • Plean Tacaíochta Ranga • Seicliostaí éagsúla • Scrúduithe caighdeánaithe litearthachta agus uimhirtheachta • Scrúduithe diagnóiseacha Sonróidh an plean seo: • An cineál tacaíochta a chuirfear ar fáil • Spriocanna don chéad tréimhse • Cur chuige don mhúinteoir oideachas speisialta, don mhúinteoir ranga agus do thuismitheoirí • Tréimhse athbhreithnithe an phlean

Céim 3: Tacaíocht Scoile Breise/Móide

Tacaíocht Scoile Breise	Ag an leibhéal seo, socraíonn na tuismitheoirí agus an scoil dul chuig forais lasmuigh chun treoir, comhairle agus idirghabháil a lorg ar mhaithe leis an bpáiste. De ghnáth, baintear úsáid as uirlisí measúnaithe foirmeálta ag daoine gairmiúla go bhfuil saineolas acu maidir le riachtanais an pháiste. Thíos tá samplaí d'fhorais breis-scoile a chuireann tacaíocht ar fáil: • NEPS

	• NCSE • PDST • CAMHS • Siceolaí • Tusla • Teiripeeoir urlabhartha • Teiripeoir shaothair (OT) Bíonn plean ag an leibhéal seo mionsonraithe agus dírithe ar riachtanais aonaracha.

5. RIACHTANAIS A AITHINT

Tá sé rí-thábhachtach go ndéantar na riachtanais atá ag daltaí a aithint go luath agus idirghabháil chuí a aontú leis na tuismitheoirí do na daltaí sin. Bímid aireach, mar sin, ó thús na scolaíochta faoi na riachtanais éagsúla go bhféadfadh a bheith ag ár ndaltaí:

- riachtanais acadúla
- riachtanais shóisialta
- riachtanais mhothúchánacha
- riachtanais fhisiciúla
- riachtanais chéadfacha
- riachtanais theanga nó chumarsáide

Nuair a chláraítear páiste sa scoil againne, iarrtar ar thuismitheoirí a chur in iúl dúinn má bhíonn riachtanais faoi leith ag a bpáistí sa chaoi is gur féidir linn an tacaíocht chuí a eagrú dóibh chomh luath agus is féidir.

6. MEASÚNÚ AGUS BAILIÚ EOLAIS

Tá córais mheasúnaithe na scoile againne sonraithe sa ***Pholasaí Scoile don Mheasúnú***.
Cuimsíonn measúnú na múinteoirí na gnéithe seo thíos:

- Dírbhreathnú an mhúinteora
- Trialacha agus tascanna deartha ag an múinteoir
- Scrúduithe caighdeánacha
- Eolas ó thuismitheoirí agus ó réamhscoileanna
- Tuairiscí

Nuair a aithnítear go mbíonn **Tacaíocht Scoile** de dhíth ar dhalta, bíonn scagthástáil agus scrúduithe diagnóiseacha de dhíth chomh maith leis na gnáthbhealaí measúnaithe. Seo a leanas na tástálacha a bhíonn in úsáid againne:

	Scrúduithe Caighdeánaithe	**Scrúduithe Diagnóiseacha**
Litearthacht: Gaeilge	Triail Ghaeilge Dhroim Conrach (R1-6)	Taifead Reatha Focail Radhairc (Féasta Focal & Cleite) Seicliosta Fuaimeanna Aibítre & Ainmneacha na Litreacha
Litearthacht: Béarla	Drumcondra Primary Reading Test (R1-6) SWST (R1-6)	MIST (Naíonáin Mhóra) Dyslexia Screener (DST) Reading analysis (Neale analysis)

		Phonological Awareness Battery British Ability Scale NEPS – Phonics Skills Checklist NEPS – First/Second Hundred Words List Dolch Athghabháil Léitheoireachta Reading Reflex Sound Linkage Schonell Word Spelling Test STAR Reading (AR)
Matamaitic	Triail Mhatamataice Dhroim Conrach (R1-6)	Drumcondra Tests of Early Numeracy
Eile	BPVS (Naíonáin Bheaga) Bury Infant (Naíonáin Bheaga) NRIT (Rang 2 & Rang 5)	

7. BEARTAIS LUATH-IDIRGHABHÁLA

Aithnímid an tábhacht a ghabhann le luath-aithint agus luath-idirghabháil do pháistí le riachtanais bhreise. Chuige sin, tá straitéisí scoile in úsáid againn a thacaíonn le daltaí le riachtanais bhreise. Is iad na straitéisí sin ná:

- Cur chuige scoile chun teanga ó bhéal a mhúineadh go córasach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla
- Béim ar fheasacht fhóinéimeach roimh thús na léitheoireachta
- Tacaíocht insheomra chun múineadh stáisiúin agus comh-mhúinteoireacht a chur chun cinn san uimhirtheacht agus sa litearthacht (Cleite)
- Taifead Reatha (Naíonáin Mhóra-Rang 2)
- Cláir thuisceana sa Bhéarla (AR) agus sa Ghaeilge (Cleite)
- Aistear i seomra na Naíonán
- Club Bricfeasta (nuair is gá) chun tacú le páistí a bhfuil riachtanais áirithe acu, a chuidíonn leo socrú isteach ar scoil

8. FREASTAL AR RIACHTANAIS AGUS LEITHDHÁILEADH ACMHAINNÍ SCOILE

I gcomhar leis an bPríomhoide, cuireann an fhoireann Oideachas Speisialta creatlach le chéile chun acmhainní scoile a leithdháileadh go cothrom idir na daltaí uile le riachtanais bhreise. Sa phleanáil don leithdháileadh sin, tá sé fíorthábhachtach go **bhfaigheann na daltaí leis na riachtanais is mó an tacaíocht is mó** ó mhúinteoirí Oideachas Speisialta agus ó Chúntóirí Riachtanais Speisialta**.** Déantar athbhreithniú rialta ar leithdháileadh na n-acmhainní scoile i gcomhthéacs riachtanais aitheanta na scoile.

Cuirimid tacaíocht ar fáil sna rannóga thíos:

- Litearthacht: Béarla agus Gaeilge
- Uimhirtheacht
- Riachtanais ar leith: riachtanais shóisialta, céadfacha, fisiciúla, mothúchánacha, cumarsáide

Déanaimid gach iarracht cothromaíocht a fháil idir

- Tacaíocht sa rang
- Tacaíocht i ngrúpaí beaga (insheomra agus asbhaint) agus
- Tacaíocht aonair (asbhaint)

Bíonn cumarsáid rialta idir na Múinteoirí Oideachas Speisialta, na múinteoirí ranga, Cúntóirí Riachtanais Speisialta (más cuí), na tuismitheoirí agus an Príomhoide. Déantar athbhreithniú i mí Eanáir agus ag deireadh na scoilbhliana.

9. CÚNTÓIRÍ RIACHTANAIS SPEISIALTA

Bíonn áit lárnach ag na Cúntóirí Riachtanais Speisialta sa tacaíocht do pháistí le riachtanais faoi leith. Sa phleanáil don leithdháileadh sin, tá sé fíorthábhachtach go **bhfaigheann na daltaí leis na riachtanais is mó an tacaíocht is mó.**

Bíonn cumarsáid rialta idir na cúntóirí, múinteoirí ranga agus múinteoirí oideachais speisialta chun spriocanna, príomhthreisí na tacaíochta agus gníomhaíochtaí a aontú. Faoi threoir an mhúinteora ranga, cuireann siad tacaíocht dírithe ar fáil do na daltaí.

Ar na hacmhainní atá ar fáil chun tacú le hobair na gCúntóirí Riachtanais Speisialta, tá seomra suaimhneach agus áiseanna don chlár *Braincalm.* Bíonn na Cúntóirí ar an gclós ag amanna sosa leis na páistí chomh maith.

Tacaíonn Cúntóirí Riachtanais Speisialta leis na daltaí sna seomraí ranga agus lasmuigh, de réir mar is cuí.

10. RÓIL agus FREAGRACHTAÍ

Chun freastal cuimsitheach, leanúnach agus fiúntach a chur ar fail dár ndaltaí, bíonn róil faoi leith ag grúpaí éagsúla i bpobal na scoile.

Bord Bainistíochta:

- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt, chur i bhfeidhm agus athbhreithniú ar pholasaí na scoile maidir le hOideachas Speisialta
- Seomraí agus áiseanna cuí a chinntiú don fhoireann Oideachas Speisialta
- Taisceadáin a chur ar fáil chun comhaid na ndaltaí a choinneáil slán sábháilte.

Príomhoide agus Foireann Oideachas Speisialta:

Bíonn freagracht foriomlán do nósanna imeachta maidir le hOideachas Speisialta faoi chúram an phríomhoide. I measc na bhfreagrachtaí atá acu, tá:

- Polasaí don Oideachas Speisialta a chur i bhfeidhm ina iomláine
- Cinntiú go bhfaigheann na daltaí leis na riachtanais is mó an tacaíocht is mó
- Leithdháileadh cothrom leanúnach na n-acmhainní scoile a chinntiú
- Modhanna uile-scoile a leagan amach chun rannpháirtíocht na múinteoirí, na gcúntóirí, na dtuismitheoirí, na ndaltaí agus na bhforas seachtrach a éascú
- Córas éifeachtach a chur i bhfeidhm chun riachtanais na ndaltaí a aithint agus na riachtanais sin a athbhreithniú go rialta
- Anailís a dhéanamh ar thorthaí measúnaithe chun grúpaí don Oideachas Speisialta a aithint agus a eagrú
- Forbairt ghairmiúil chuí a eagrú don fhoireann
- Teagmháil a dhéanamh leis an SENO
- Eolas a chur ar fáil do bhaill foirne faoi ghníomhaireachtaí seachtracha

- Buaileadh le tuismitheoirí faoina gcúiseanna imní agus faoi riachtanais a bpáistí
- Freastal ar chruinnithe ildisciplíneacha maidir le páistí le riachtanais speisialta

Múinteoir ranga:

- Clár foghlama a chur i bhfeidhm a thabharfaidh deis do gach dalta foghlaim agus dul chun cinn a dhéanamh
- Imshaol dearfach foghlama a chruthú
- Idirdhealú fiúntach a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais éagsúla na ndaltaí sa rang
- Scrúduithe caighdeánacha a thabhairt agus a cheartú de réir an pholasaí scoile
- Torthaí na scrúduithe sin a úsáid mar aon le huirlisí measúnaithe eile leis an múinteoir Oideachas Speisialta le dúshláin a aithint agus tacaíocht chuí a chur ar fáil do na daltaí
- Tuismitheoirí a chur ar an eolas maidir le dul chun cinn a bpáistí
- An Contanam Tacaíochta a úsáid chun múineadh a threorú, eolas a bhailiú agus daltaí a mheas
- Plean tacaíochta ranga a chruthú, a athbhreithniú agus a leasú do dhaltaí ar leibhéal 1 den chontanam
- Comhoibriú le múinteoirí Oideachas Speisialta chun plean tacaíochta a fhorbairt agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar an bplean sin
- Comhoibriú leis an bhfoireann tacaíochta chun múineadh staisiúin, comh-mhúinteoireacht srl. a eagrú don rang
- Treoir a chur ar fáil do Chúntóirí Riachtanais Speisialta a bhíonn ag obair sa seomra agus cruinnithe rialta a eagrú idir CRS, múinteoirí OS agus an múinteoir ranga chun an plean tacaíochta don pháiste a fhorbairt agus a athbhreithniú

Múinteoir Oideachas Speisialta

- A bheith eolach faoi mhodhanna múinte, cláir fhoghlama, straitéisí srl. chun freastal ar riachtanais agus ar stíleanna foghlama éagsúla
- Cabhrú le cur i bhfeidhm straitéisí uile-scoile maidir le luath-idirghabháil
- Clár ama a eagrú chun freastal a dhéanamh ar na daltaí faoina gcúram
- Pleananna do dhaltaí ar Leibhéal 2/3 den chontanam tacaíochta a chur le chéile i gcomhar le múinteoirí ranga, le baill thacaíochta eile agus le tuismitheoirí
- Scrúduithe caighdeánacha a eagrú do na ranganna
- Athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na pleananna tacaíochta
- Nótaí agus tuairiscí a choimeád do dhaltaí ar Leibhéal 2/3
- Cabhrú le riaradh scrúduithe caighdeánaithe sa scoil
- Scrúduithe diagnóiseacha a thabhairt, anailís a dhéanamh ar na torthaí agus an t-eolas a roinnt le múinteoirí ranga agus le tuismitheoirí
- Páirt a ghlacadh i gcruinnithe le tuismitheoirí maidir lena bpáistí
- Idirghabháil le forais sheachtracha m. sh. NEPS, SESS, srl. chun comhairle nó áiseanna a lorg do dhaltaí
- Comhairle a thabhairt do mhúinteoirí maidir le grúpaí agus daltaí faoi leith

Cúntóir Riachtanais Speisialta

- Tacú leis an dalta rochtain a fháil ar an gcuraclam
- Cur le leas agus cúram na ndaltaí
- Tacú le beartais scoile m.sh. Cosaint Leanaí, Sláinte & Sábháilteacht, Cód Iompair
- Tacú le foghlaim sa seomra ranga
- Freastal ar riachtanais aitheanta na ndaltaí

- Freastal ar fhorbairt ghairmiúil atá curtha ar fáil ag an mBord Bainistíochta
- Freastal ar chruinnithe pleanála le múinteoirí ranga agus múinteoirí Oid. Speisialta
- Aire a thabhairt do dhaltaí faoina gcúram ag amanna sosa

Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Tá comhoibriú idir an baile agus an scoil riachtanach do rathúlacht an pholasaí seo agus tá áit lárnach aige sa phleanáil chun freastal ar riachtanais aitheanta na ndaltaí.

Ba chóir do thuismitheoirí/chaomhnóirí:

- Aon fháisnéis nó thuairisc ó ghairmithe sláinte maidir lena bpáiste a roinnt leis an scoil
- Aon imní maidir le forbairt an phaiste a roinnt
- Freastal ar chruinnithe a eagraíonn an múinteoir ranga nó an fhoireann oideachais speisialta
- Tacú le spriocanna atá aontaithe chun freastal ar shainriachtanais a bpáistí
- An mheánscoil roghnaithe a chur ar an eolas maidir le riachtanais aitheanta a bpáistí

Molann an scoil gníomhaíochtaí do thuismitheoirí chun tacú le foghlaim a bpaistí. I measc na moltaí sin, tá:

- Léitheoireacht roinnte
- Cinntiú go mbíonn an obair bhaile comhlíonta gach lá
- Plé a dhéanamh le páistí chun an teanga a fhorbairt
- Páistí a spreagadh agus a mholadh
- Leabhair ar chumas cuí a roghnú do na páistí
- Cuairteanna a thabhairt ar áiteanna spéisiula chun suim san fhoghlaim a mhúscailt
- Páistí a spreagadh chun an leabharlann a úsáid
- Gníomhaíochtaí a eagrú a chabhraíonn le forbairt shóisialta agus mothúchánach na bpáistí – spórt, drámaíocht, cór, srl.

11. CUMARSÁID

Tá cumarsáid fíor-thábhachtach idir baill foirne agus tuismitheoirí/caomhnóirí. Má aithníonn baill foirne go bhfuil riachtanais faoi leith ag dalta, rachaidh siad i gcomhairle leis na tuismitheoirí/caomhnóirí go luath. Tarlóidh seo:

- Má cheapann baill foirne go bhfuil riachtanas ag páiste agus gur féidir go bhfuil tacaíocht de dhíth air/uirthi
- Nuair a aithnítear go bhfuil deacrachtaí iompair ag páiste
- Má mheastar gur fiú imscrúdú breise laistigh den scoil (tástáil diagnóiseach) nó le gníomhaireacht sheachtrach chun freastal níos iomláine a dhéanamh ar riachtanais aitheanta an pháiste
- Nuair a bhíonn plean tacaíochta á ullmhú do dhalta

12. CLÁIR SCOILE

Chun freastal chuimsitheach a dhéanamh ar na páistí faoinár gcúram, creidimid go bhfuil tábhacht ag baint le cur chuige leanúnach uile-scoile a bhíonn i bhfeidhm againn.

Cé go mbíonn gnéithe den tacaíocht a bhíonn dírithe go hiomlán ar shainriachtanais na ndaltaí, tá gnéithe eile ann gur féidir clár a leanúint ar leasa na ndaltaí.

Seo thíos cuid de na cláir a bhíonn in úsáid againn chun freastal ginearálta a dhéanamh ar ár ndaltaí.

LITEARTHACHT		UIMHEARTHEACHT	Riachtanais ar Leith
GAEILGE	**ENGLISH**		
Féasta Focail An Clár Luathléitheoireachta (CLEITE) An Chaora Dubh Cód na Gaeilge Fuaimeanna & Focail Taisce Tuisceana Fís le Fonaic	Jolly Phonics Toe by Toe Reading Recovery Reading Reflex Time for Sounds Sound Linkage Phonic Code Cracker Spelling Made Easy Brendan Culligan - Litriú Dibbles Help for Vocabulary No Glamour Language No Glamour Vocabulary No Glamour Auditory Processing	Gafa le Mata Mata Meabhrach Seaimpín na dTáblaí Réidh, Socair, Déan	Brain Calm Weaving Wellbeing Talkabout for Children Cool Kids Keep Cool Scéalta Sóisialta NEPS Activities to Develop Expressive Language Skills NEPS Activities to Develop Receptive Language & Comprehension Skills NEPS Language Group Activities

13. TAIFID Á gCOINNEÁIL

Tá córas leanúnach cuimsitheach rí-thábhacht don fhreastal éifeachtach ar riachtanais speisialta sa scoil. Is gá go mbeidh treoir so-aitheanta agus soiléir ann don phleanáil idirghabhálacha chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais acadúla agus /nó pearsanta agus sóisialta. Is gnéithe riachtanacha den tacaíocht uile-scoile iad na riachtanais a aithint, pleanáil don idirghabháil, spriocanna a aontú agus monatóireacht ar dhul chun cinn.

Baintear úsáid as Comhad Tacaíochta do na daltaí chun cloígh leis an gContanam Tacaíochta. Mar scoil, tugann na comhaid seo taifead chruinn dúinn ar an tacaíocht thar thréimhse ama agus cabhraíonn siad linn leibhéal cuí tacaíochta a sholáthar do dhaltaí.

Nuair a aistríonn daltaí go dtí an mheánscoil, bíonn taifead ar an leibhéal tacaíochta sa Phas Oideachais a théann leo.

Sna Comhaid Thacaíochta, ba chóir go mbeadh:

- Plean tacaíochta lena n-áiritear sonraí an dalta, torthaí scrúduithe caighdeánaithe & diagnóiseacha amlíne le cinntí maidir leis an dalta sin, taifead ar an tacaíocht a fuarthas
- Litir toilithe sínithe ag tuismitheoirí
- Tuarascala ó ghníomhaireachtaí seachtracha maidir leis an dalta
- Seicliostaí nuair is cuí

Ag deireadh gach scoilbhliana, déanfar athbhreithniú ar na comhaid thacaíochta uile chun cabhrú le heagrúchán na tacaíochta don bhliain dar gcionn. Coinnítear na comhaid seo sa chomhadchaibinéad in oifig an rúnaí. Nuair a imíonn dalta ón scoil, bogtar a chomhad chuig an comhadchaibinéad in oifig an phríomhoide.

14. ATHBHREITHNIÚ agus RÁTHÚLACHT

Déanfar athbhreithniú ar phrionsabail, róil agus fhreagrachtaí an pholasaí go rialta.

Seo iad na critéir a thógfar san áireamh agus athbhreithniú idir láimhe againn:

- Freastal uile-scoile ar riachtanais aitheanta na ndaltaí
- Aiseolas ó mhúinteoirí agus ón bhfoireann tacaíochta
- Aiseolas ó chigirí nó ó chuairteoirí scoile m.sh. síceolaithe, SENO, NEPS, srl.
- Aiseolas ó thuismitheoirí

15. FAOMHADH agus CUMARSÁID

Cuireadh an polasaí seo faoi bhráid an Bhoird Bainistíochta ar **20/11/2024** agus faomhaíodh é. Rinneadh é a fhoilsiú ansin ar shuíomh idirlín na scoile agus tá sé ar fail ó oifig na scoile ach é a iarraidh.

Síniú:

Colm Ó Tuathaláin	Pól Mac Daibhéid
Cathaoirleach	*Príomhoide*

Dáta: 22/11/2024